



An Diplóma Gairmiúil i gCeannaireacht Scoile Sraith Ghaeilge

Céard é an Professional Diploma in School Leadership?

- Diplóma iarchéime i gceannaireacht scoile atá forbartha ag Ollscoil Luimnigh (OL), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG) agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC).
- Tá tacaíocht ag an gClár ón **Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL)**.
<https://www.csireland.ie/leagan-gaeilge.html>

Céard é an Diplóma Gairmiúil i gCeannaireacht Scoile (DGCS)?

- Is é an DGCS an **tSraith Ghaeilge** den ‘Professional Diploma in School Leadership.’ Tá sé faoi scáth OÉ Gaillimh agus tá sé dírithe ar **earnáil an Ghaeloideachais**.
- Tá sé dírithe ar mhúinteoirí **bunscoile agus meánscoile**.
- Tugann an **diplóma iarchéime** seo an cháilíocht, an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín do mhúinteoirí uailmhianacha le go mbeidh siad ullamh le tabhairt faoi **ról ceannaireachta** i scoileanna.
- Tagann na mic léinn ar thuiscint dhomhain ar na **heochairchoincheapa agus saincheisteanna** i litríocht na ceannaireachta agus bíonn ar a gcumas iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an oideachais trí Ghaeilge.
- Is **foghlaim chumaisc** atá ann leis na léachtaí/ábhar léitheoireachta á gcur ar fáil ar líne, ranganna teagaisc á réachtáil ar líne agus roinnt bheag laethanta ar an láthair.
- Réachtáiltear an DGCS **trí Ghaeilge**: ranganna teagaisc, cumarsáid, plé, measúnaithe srl.
- Tá **taithí ceannaireachta** in earnáil an Ghaeloideachais acu siúd atá i mbun an DGCS agus tá ardchumas Gaeilge acu.
- Tagann na mic léinn ar thuiscint níos saibhre ar an gceannaireacht sa chomhthéacs lán-Ghaeilge tríd an **bplé a bhíonn acu lena gcomhghleacaithe** agus le foireann an chúrsa.
- Cúrsa **páirtaimseartha: 6 mhodúl** thar tréimhse **18 mí** (trí sheimeastar)
- ECTS: **60**
- **Riachtanais Iontrála:** NFQ 8, cáilíocht mhúinteoireachta, a bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus taithí 5 bliana múinteoireachta.
- Tá an DGCS **arna pháirtchistiú** ag an Roinn Oideachas agus Scileanna. **€2,000** le híoc ag rannpháirtithe.
- **Comhdhámhachtain** idir Scoil an Oideachais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil Luimní agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Deiseanna dul ar aghaidh agus **Máistreacht san Oideachas** a bhaint amach
- Ag tosú: **Meán Fómhair**
- Clárú agus Tuilleadh Eolais: <https://www.ul.ie/pds/>

Nithe Suntasacha Eile:

- **Cuairteanna Ceannaireachta:** Gné shuntasach den DGCS ná an dá chuairt cheannaireachta. Gheobhaidh na mic léinn léargais thábhachtacha ar an gceannaireacht i rith na gcuairteanna seo.
 - **Cuairt 1:** Déanfar an chuairt seo i seimeastar 2 agus beidh an mac léinn i bhfochair ceannaire **nach bhfuil in earnáil an oideachais**. Tabharfaidh seo léargais don mhac léinn ar an gceannaireacht in earnáil eile.
 - **Cuairt 2:** Déanfar an chuairt seo i seimeastar 3 agus tabharfaidh an mac léinn **cuairt ar scoil eile**. Le cabhair na dtuiscintí nua a bheidh faighte acu ar an gclár go dtí sin beidh siad in ann iniúchadh a dhéanamh ar chleachtais cheannaireachta, nithe nuálacha ach go háirithe, i gcomhthéacs eile.
- **Measúnú:** Beidh an measúnú bunaithe ar thascanna scríofa. Bheidh tascanna aonair agus tascanna grúpa i gceist. Tabharfar treoracha faoi mheasúnú ag tús gach modúl.

Toise na Gaeilge

Tá an tSraith Ghaeilge dírithe ar cheannairí uailmhianacha i scoileanna lán-Ghaeilge. I ndearadh agus i dteagasc na sraithe seo beidh sé tábhachtach go mbeidh tuiscint dhomhain ag mic léinn ar na heochairchoincheapa agus saincheistean i litríocht na ceannaireachta agus go mbeidh ar a gcumas iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an oideachais trí Ghaeilge. Ceann de phríomhaidhmeanna na sraithe Gaeilge ná éascú agus saibhriú a dhéanamh ar phlé na ceannaireachta ionas go ndéanfaidh rannpháirtithe an plé agus cumarsáid trí Ghaeilge sna ranganna teagaisc le feidhm a bhaint as a gcuid taithí sa chomhthéacs lán-Ghaeilge. Mar sin, de bharr go mbeidh an t-ábhar léitheoireachta i mBéarla, molann an cuibhreannas an cur chuige seo a leanas le cinntiú go mbeidh riachtanais rannpháirtithe san earnáil lán-Ghaeilge curtha san áireamh:

- **Cuirfear an t-aistriúchán is oiriúnaí ar eochairchoincheapa na cinnearachta mar atá aitheanta ag foireann an chlár.**
- **Déanfar an plé uilig trí Ghaeilge ar na laethanta ar an láthair agus sna ranganna teagaisc ar líne.**
- **Beidh ardchumas Gaeilge ag na teagascóirí agus tuiscint dhoimhin acu ar an teagasc trí Ghaeilge.**
- **Déantar ábhar léitheoireachta a bhaineann leis an teagasc trí Ghaeilge a shníomh isteach sa chlár (a oiread agus is cuí).**

Réasúnaíocht agus Cúlra an PDSL/DGCS:

Tá baint lárnach ag caighdeán na ceannaireachta scoile le héifeachtúlacht scoile agus le torthaí dea-fhoghlama a bhaint amach. Tá fianaise láidir ó go leor tíortha go dteastaíonn forbairt ghairmiúil agus tacaíocht ar leith ó cheannairí scoile chun teacht i dtír ar an ról agus na freagrachtaí atá le comhlíonadh acu i gcóras éifeachtach scoile. Tá sé ríthábhachtach go ndíríonn na straitéisí a úsáidtear chun forbairt ghairmiúil na gceannairí scoile a chur chun cinn agus a éascú ar scileanna a bhaineann le feabhas a chur ar thorthaí scoile a fhorbairt agus a neartú. Mar aon le forbairt ghairmiúil múinteoirí, ní mór caitheamh le forbairt ceannaireachta

mar chontanam: ní mór go dtarlódh forbairt ar scileanna ceannaireachta na scoile trí oiliúint tosaigh ceannaireachta, ionduchtú agus foghlaim ionghairme leanúnach.

Sa chomhthéacs seo is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna grúpa daoine ardoilte sa cheannaireacht a aithint, a chothú agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais cheannaireachta reatha agus amach anseo dár scoileanna. Tá sé aitheanta go maith go bhfuil ceannaireacht scoile éirithe níos casta, níos dúshlánaí agus níos éagsúla. Is mian leis an Roinn bealach forbartha pearsanta, solúbtha a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo a bheith ina gceannairí scoile, bealach a dhíreoidh ar a gcuid riachtanas foghlama féin agus a thabharfaidh an mhúinteoir agus an inniúlacht dóibh smaoineamh ar ghairm mar cheannaire scoile sinsearach trí chúrsa forbartha gairmiúla creidiúnaithe a chur ar fáil.

Eisíodh iarratas ar thairiscint i mí Lúnasa 2016 agus d'éirigh le cuibhreannas de thrí ollscoil, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus Ollscoil Luimnigh (OL) cúrsa 60 creidiúint a chur ar fáil ina bhfuil sé mhodúl do dhámhachtain Diplóma Iarchéime i gCeanaireacht Scoile [Postgraduate Diploma in School Leadership] (PDSL) a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2017.

Comhbhronann OL, OÉG agus COBÁC an PDSL. Is í Ollscoil Luimnigh (OL) an príomhchonraitheoir thar ceann na bpríomh-chomhpháirtithe. Tá freagracht iomlán ar Ollscoil Luimnigh (i.e. Scoil an Oideachais agus an tAonad don Oideachas Leanúnach Gairmiúil) as eagrú agus riar an chlár agus beidh sí ar an bpríomhphointe teagmhála leis an údarás conraitheoireachta. Cuireann na trí ollscoil ceannaireacht acadúil ar fáil le linn an chlár maidir le dearadh, soláthar agus treo straitéiseach foriomlán an chlár. Tá PDSL luaite mar Ghníomh 61 de Phlean Gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna don Oideachas in 2017 mar thacaíocht ar Sprioc 3, i.e. Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach. Go sonrach, feidhmeoidh PDSL 'Cuspóir 3.2: Contanam an oideachais do mhúinteoirí a fheabhsú chun múinteoirí a fheistiú leis na scileanna cearta do theagasc agus foghlaim sa 21ú haois agus feabhas a chur ar cheannaireacht scoile'.

Cé go bhfuil na modúil nua, tá siad bunaithe ar ábhar ó chlár a bhí ar siúl cheana féin ar cheannaireacht oideachasúil a cuireadh ar fáil in COBÁC. Shonraigh an ghníomhaireacht mhaoiniúcháin i.e. an Roinn Oideachais & Scileanna, teidil na modúl agus an príomhábhar sa phróiseas tairisceana agus dá bhrí sin ní mór go gcomhlíonfadh na modúil PDSL an conradh a shínigh OL i mí na Nollag 2016 maidir le soláthar an chlár PDSL thar shaolré 18 mí an chlár 2017-2020.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an DGCS/PDSL:

Tá sé mar aidhm ag ábhar agus seachadadh an chlár na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Nascacht idir na comhpháirteanna éagsúla den chlár d'fhonn an bhearna a líonadh idir eolas iontaofa ar theoiric oideachasúil agus forbairt ar inniúlacht ghairmiúil mar cheannairí scoile - fócas ar rannpháirtithe mar fhoghlaimeoirí agus mar cheannairí sa toadhchá;
- Comhtháthú curaclaim a nascann spriocanna, gníomhaíochtaí foghlama, agus measúnuithe leis an réimse comhthéacsanna atá léirithe sna grúpaí cohóirt;

- Naisc shoiléire idir ábhar modúl, obair chúrsa agus socrúchán atá pleanáilte go cúramach. Léireoidh tascanna measúnaithe agus critéar marcála é seo i ngach modúl. Beidh sé seo ina príomhpháirt chomh maith in aiseolas rannpháirteach agus i rannpháirtíocht rannpháirtithe agus cleachtóirí in athbhreithniú agus forbairt an chláir;
- Tiomantas do straitéisí a uasmhéadaíonn foghlaim, aistriú foghlama, agus foirmiú féiniúlachta ceannaireachta. Áiríonn siad seo úsáid a bhaint as cohóirt, oideolaíochtaí teagaisc mac léinn-lárnach, tacaíocht teagascóra agus meantóra agus straitéisí foghlama fadhb-bhunaithe, cosúil le cásmhodhanna, taighde feidhmeach, agus tionscadail, a nascann teoiric agus cleachtas agus a thacaíonn le machnamh i agus trí chomhthéacsanna scoile.

Cinnteoídh an clár go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist:

Béim ar fhoghlaim i scoileanna

- Cuirfear béim i ngach modúl ar na riachtanais a bhaineann le pobal éagsúil mac léinn agus breathnófar agus déanfar ceiliúradh ar éagsúlacht mar ghnáthrud seachas mar eisceacht;
- Chun teacht le caighdeán a d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí do cheannaireacht scoile, beidh béim shoiléir ar cheannaireacht oideolaíocht ar ardchaighdeán i scoileanna d'fhonn a chinntiú go bhfuil nasc ag gach gné den chlár le feabhsú torthaí mac léinn.

Béim ar cheannaireacht mar aistear foghlama gairmiúla:

- Peirspictíocht idirnáisiúnta ar cheannaireacht oideachasúil mar bhunchloch d'inniúlacht idirchultúrtha. Trí ghné idirnáisiúnta éigin a chuimsiú sa chlár le scoil samhraidh/séasúir tugtar deis dúinn saineolas ceannaireachta acadúla a bheith mar chuid den chlár. Tá naisc cheana féin againn le Sasana, an Iorua, an Spáinn agus an Pholainn sa chuibhreannas a bhfuil roinnt scoileanna samhraidh sa cheannaireacht reáchtáilte acu cheana féin;
- Baineann gach eispéireas foghlama leas as meon láidir de Phobal Foghlama Gairmiúla. Cuireann an t-ábhar agus na prótacail foghlama i ngach modúl tacaíochtaí láidre ar fáil don ghrúpa de phríomhoidí uailmhianacha d'fhadhbréiteach leanúnach trí thacaíochtaí piaraí i ngrúpaí cohóirt agus líonraí coláisteacha agus saintacaíocht trí sheimineár gréasáin agus pléghrúpaí a bhfuil cuma rang teagaisc orthu;
- Léirmheas machnamhach, critic agus fiosrúchán: Mar chuid de mhodúil uile an chláir seo beidh buaicghníomhaíocht a bhaineann le hathmhachnamh agus léirmheas criticiúil ar ardchaighdeán. Agus grúpaí de cheannairí uailmhianacha á gcothú mar chleachtóirí machnamhacha. Tá tuiscint ghrinn ag foireann an chúrsa go mbeidh an scil seo mar chuid lárnach de chaighdeán cleachtas gach duine sa todhcháí.

Torthaí foghlama an chláir:

Ach a mbeidh an clár seo críochnaithe ag mic léinn beidh ar a gcumas:

- 1) Ceannairí scoile uailmhianacha a ullmhú don chleachtas mar cheannairí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na hÉireann
- 2) An t-eolas, na scileanna agus an meon atá ag teacht le hoideachas tosaigh ceannaireachta a chothú sa chomhthéacs den contanam oideachais ceannaireachta
- 3) Rannpháirtithe an chlár a ullmhú d'oideachas ceannaireachta sa todhchaí i dtéarmaí oideachas gairmiúil leanúnach agus clár acadúla chreidiúnaithe ag leibhéal máistreachta agus dochtúireachta
- 4) Rannpháirtíocht ghníomhach agus chriticiúil a chothú leis an timpeallacht polasaí, cleachtas gairmiúil agus litríocht léannta atá ábhartha do cheannaireacht oideachasúil
- 5) Ceannaireacht oideachasúil inbhuanaithe agus pobal foghlama gairmiúla a chruthú agus a chothú do rannpháirtithe an chlár i measc na gcohort PDSL
- 6) Cumas rannpháirtithe a fhorbairt in úsáid príomhchleachtais ceannaireachta ar fud an chlár go háirithe: féinfheasacht, cinnteoireacht, machnamh ar chleachtas, fiosrúchán comhghnímh, léitheoireacht, rannpháirtíocht i líonraí ceannaireachta/pobal foghlama gairmiúla.

Tréithe Céimithe don chlár

- Smaointeoireacht chriticiúil
- Smaointeoireacht agus pleanáil straitéiseach
- Meon agus léargas córasach leathan
- Leibhéal suntasach féinfheasachta
- Tiomantas do chothromas agus do cheartas sóisialta

Na Modúil:

Modúil 1 - Foghlaim agus Teagasc a Threorú i gComhthéacs na hÉireann

- 1) Na dearcthaí foghlama is tábhachtaí le céad bliain anuas a aithint agus a thuiscint
- 2) A seasamh féin agus seasamh na scoile a mheas maidir le foghlaim mar bhunús le straitéisí a chíoradh chun foghlaim a fhorbairt ag leibhéal na scoile
- 3) Cumas dearcthaí a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim i dtéarmaí cumas foghlama a fhorbairt ag leibhéal scoile(anna) a léiriú
- 4) Tuiscint chriticiúil ar dhúshlán agus ar dheiseanna comhaimseartha a léiriú vis-à-vis taithe foghlama a fheabhsú sna scoileanna do na daltaí agus do na múinteoirí
- 5) Tuiscint agus meas a fhorbairt ar thábhacht na dtionscnamh náisiúnta/córasach atá ordaithe chun foghlaim agus teagasc agus ról lárnach na ceannaireachta scoile a athrú

Modúil 2 - Fás agus Fobairt Ghairmiúil

- 1) Tuiscint ar phríomhthreochtaí agus forbairtí i gceannaireacht scoile a léiriú agus a bheith in ann an tuiscint sin a chur i bhfeidhm in anailís chriticiúil ar fhadhb a bhaineann le cás atá idir lámha
- 2) Féinfheasacht na rannpháirtithe a fheabhsú agus a shaibhriú. Beidh deis ag céimithe machnamh a dhéanamh ar a gcuid scileanna agus a gcuid teorainneacha féin mar cheannairí, bunaithe ar an gcaoi a n-oibríonn siad i ngrúpaí agus a gcuid torthaí foriomlána ar an gclár;

- 3) Cur lena gcleachtadh féin trí chur chuige eolach agus criticiúil do chleachtadh machnamhach mar mhúinteoirí ranga, mar cheannairí foirmiúla nó i réimse leathan na ceannaireachta oideachais;
- 4) Léargas criticiúil ar réimse na dteoiricí agus na ndearcthaí ceannaireachta ar scoláireacht a fhorbairt trí léirmheas a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla as comhthéacsanna éagsúla i scoileanna na hÉireann. Trí bheith rannpháirteach sa phróiseas seo ba chóir don rannpháirtí samhail den chleachtadh ceannaireachta a bhaineann le comhthéacs difriúil i gcóras oideachais na hÉireann a chomhthógáil;
- 5) A bheith páirteach in athbhreithniú criticiúil ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta i gceannaireacht scoile chun cur leis an díospóireacht, anailís agus sintéis ar fhoghlaim daltaí sa réimse;
- 6) Tionscadal taighde comhoibríoch a bhunú i scoil agus tús a chur le timthriall fiosraithe ar thopaic aontaithe fiosrúcháin.

Modúl 3 – Bainistíocht Eagraíochta: Ag Breathnú ar ár Scoileanna

- 1) Réimse coincheap agus teoiricí a mheas go grinn maidir le bainistíocht eagraíochta agus meas a léiriú ar a gcion do chultúr dearfach scoile a fhorbairt a leagann an bhéim ar theagasc agus ar fhoghlaim d'ardchaighdeán;
- 2) Ardleibhéil inniúlachta in eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm i mbainistíocht eagraíochta chun fadhbanna a réiteach agus torthaí níos fearr a fháil do dhaltaí sna scoileanna;
- 3) Na teoiricí agus na samhlacha a bhaineann le forbairt eagraíochta, agus go ginearálta le bainistíocht athraithe a mheas go grinn, agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs praiticiúil;
- 4) An cumas a léiriú gur féidir straitéisí a aithint a fhorbraíonn agus a fheabhsaíonn próiseas forbartha na heagraíochta ar bhealach a thugann léargas criticiúil ar chastacht chomhthéacs na scoile agus an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm sa tionscadal taighde comhoibríoch.
- 5) An tionchar a bhíonn ag forbairt eagraíochta ar bhainistíocht acmhainní a mheas go grinn.
- 6) Tuarascáil ar dhul chun cinn ar an tionscadal taighde comhoibríoch a chur ar fáil agus aiseolas ón bhfoireann teagascóirí agus piaraí maidir leis na téarmaí tagartha deiridh sa tuarascáil a chur san áireamh.

Modúl 4 – Meantóireacht agus Oiliúint

- 1) An difríocht idir cóitseáil agus meantóireacht a aithint agus a thuiscint
- 2) Impleachtaí na bpeirspictíochtaí éagsúla ar fhoghlaim a mheas chun meantóireacht agus cóitseáil a fhrámáil, a ghníomhachtú agus a mheasúnú
- 3) Cumas a léiriú meantóireacht agus cóitseáil a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs scoile i dtéarmaí meantóirí a fhorbairt agus cultúr meantóireachta agus cóitseála a chothú
- 4) Tuiscint chriticiúil a léiriú ar phrótacaíl agus ar chleachtais thábhachtacha a bhaineann le meantóireacht agus le cóitseáil i scoileanna
- 5) Tábhacht na meantóireachta agus na cóitseála i gcumas scoileanna ó thaobh teagaisc agus ceannaireachta de a thuiscint

- 6) Scóip na gcleachtas meantóireachta agus cóitseála a thuiscint i gcomhthéacs uile scoile idir chultúr/chláir/chleachtais chun iad a chur i bhfeidhm do mhic léinn agus d'fhoireann na scoile

Modúl 5 - Forbairt Scoileanna a Threorú: Athrú Leanúnachais agus Acmhainn a Fhorbairt

- 1) Na gnéithe is suntasaí d'fhorbairt agus d'fheabhas scoile a aithint;
- 2) An cumas straitéisí agus teicnící praiticiúla a úsáid chun scoileanna a thógáil agus a forbairt mar eagraíochtaí foghlama;
- 3) Tuiscint ghrinn a léiriú ar phróiseas agus ar fheidhm na pleanála scoile agus an fhéinmheasúnaithe scoile d'fhorbairt agus d'fhás eagraíochta agus úsáid stuama sonraí san áireamh chun tacú le cinnteoireacht ar ardchaighdeán atá bunaithe ar fhianaise;
- 4) Na príomhfachtóirí a theastaíonn chun athrú a bhainistiú go héifeachtach i scoileanna a aithint go grinn;
- 5) An ról atá ag caidreamh idirphearsanta agus grúpdhinimic i bhfás eagraíochta a cheistiú;
- 6) Tábhacht an fhadhbraitigh, na bpróiseas agus na dtorthaí straitéiseach agus córasach a thuiscint agus aird a thabhairt orthu;
- 7) Breathnú go grinn ar an gcoincheap a bhaineann le ceannaireacht sa chóras chun ról an cheannaire scoile a chur san áireamh trí naisc a chruthú leis an bpobal agus le lucht leasa seachtrach.

Modúl 6 - Neartú Cumas Cultúir agus Foirne

- 1) Cultúr eagraíochtúil sa suíomh scoile a scrúdú go grinn maidir le litríocht chomhaimseartha
- 2) Uirlisí a bhaineann le hanailís ar chultúr eagraíochtúil a tharraingt le chéile agus a chur i bhfeidhm ar a scoil
- 3) Ról an cheannaire a lonnú i bhforbairt an chultúir eagraíochtúil
- 4) Machnamh criticiúil agus forbairt a dhéanamh ar shamhail do cheannaireacht roinnte ina scoil le tagairt do shamhlacha reatha agus cás-samplaí
- 5) Meastóireacht a dhéanamh ar na dúshláin atá os comhair ceannairí scoile maidir le hathrú a éascú agus a threorú agus straitéisí a aithint chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin agus ar phríomhshrianta